



Comhairliúcháin phobail i mBaile an Róba agus ar an bhFáirche

Comhairliúcháin straitéise turasóireachta DSLI faoi lán seoil

Rannpháirtíocht láidir ag cur le plean 2026-2030

Tá athnuachan á dhéanamh ag Geopháirc Dhomhanda UNESCO Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair ar a Straitéis Turasóireachta agus a Phlean Gníomhaíochta don tréimhse 2026-2030 don cheantar fíorálainn seo. Tá cúnamh ag teacht ó raon páirtithe leasmhara i bhfoirm comhairliúcháin le pobail, gnóthaí, grúpaí abhcóideachta agus comhlachtaí stáit. Rinneadh comhairliúcháin le hionadaithe ó na 20 pobal Geopháirce, a bhí i láthair go pearsanta, arna óstáil i dtrí ionad – i mBaile an Róba (16 Meitheamh), An Fhairche (23/06) agus an Teach Dóite (25/06). D'fhreastail 37 rannpháirtí ar an iomlán, chomh maith le freagraí ar líne. Tá gníomhaireachtaí stáit ag cur leis an tionscadal ar líne nó go pearsanta freisin. Iarrtar ar gach grúpa páirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt ar cheithre phríomhthéama: i) feasacht faoin nGeopháirc (feiceálacht, rudaí a bhfuil/nach bhfuil dúil acu iontu, rudaí le feabhsú, srl); ii) Taitneamhachtaí agus eispéiris sa Gheopháirc (rudaí atá aitheanta agus rudaí eile atá ligthe i ndearmad, smaointe nua, srl); iii) Pobail atá ag dul ó neart go neart (leibhéal na seirbhísí áitiúla, bearnaí maidir le lóistín, bia agus deoch, srl); agus iv) Mianta ginearálta don todhchaí (aghaidh a thabhairt ar dhrochrudaí, fíis don chéad 5 bliana nó 20 bliain eile, srl). Deis atá sna comhairliúcháin tuairimí, smaointe agus eispéiris a roinnt ar an méid a chuireann an turasóireacht le forbairt pobail i gceantar na Geopháirce agus cabhrú lena chinntiú go léirítear guthanna áitiúla sa straitéis nua. Leanfar den chomhairliúchán le grúpaí páirtithe leasmhara san fhómhar, lena n-áirítear dréachtaí straitéise a roinnt sula dtabharfar chun críche iad níos déanaí in 2026.

Coinnigh suas chun dáta tríd an suíomh gréasáin geopháirce

www.joycecountrygeoparkproject.ie agus na meáin shóisialta / facebook agus Instagram [@JCWLGeopark](#)



TIONSCADAL GEOPHÁIRCE
Dhúiche Sheoigheach
& Lochanna an Iarthair
JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT



Joyce Country &
Western Lakes
Geo Enterprise

Training programme for New Business Development in the Geopark



Joyce country and Western Lakes Geopark is calling for expressions of interest for a comprehensive training programme to support new business development in the Geopark's communities.

The training (subject to funding approval) is planned for **10 two-hour sessions** in the **autumn 2026**.

Expressions of Interests to be completed and sent by email to info@jcwgeopark.ie before 5pm on Friday 21st August.

You can access the EoI with the QR code or by request at same email as above.



Comharchumann
Dhúiche
Sheoigheach Teo.

www.joycecountrygeoparkproject.ie

Bileog Léirithe Spéise le cód QR

Oiliúint forbartha gnó nua

Oscailte arís do léirithe spéise

Tá an léiriú spéise don chlár oiliúna cuimsitheach seo athoscailte againn chun tacú le forbairt nua gnó i bpobail na nGeopháirceanna. Tá an oiliúint (atá fós ag brath ar cheadú maoinithe) beartaithe le haghaidh 10 seisiún dhá uair an chloig, ag tosú i mí Mheán Fómhair agus ag leanúint ar aghaidh le linn an fhómhair in 2026. D'fhéadfadh smaointe nua do ghnólachtaí nuathionscanta a bhaineann go ginearálta leis an turasóireacht a bheith san áireamh ann, chomh maith le leathnú ar ghnóthaí turasóireachta atá ann cheana féin agus a oibreoidh i gceantar na nGeopháirceanna. *Tabhair faoi deara:* tá aighneachtaí a fuarthas níos luaithe i mbliana fós bailí, seachas mura bhfuil an moltóir ar fáil don oiliúint a thuilleadh. Is féidir seatanna scáileáin den bhileog thuas a scaipeadh i measc grúpaí pobail na nGeopháirceanna trí ríomhphost, trí na meáin shóisialta agus trí mhodhanna áitiúla eile (mar shampla d'fhéadfaí an bhileog a chur sa siopa/gnó/halla áitiúil). Tar ar an bhfoirm léirithe spéise tríd an gcód QR sa bhileog, nó is féidir léiriú spéise a iarraidh mar dhoiciméad Word ó info@jcwgeopark.ie. Ba chóir d'iarratasóirí an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost chuig info@jcwgeopark.ie faoin Aoine 21 Lúnasa. Is féidir

iarratais ar shoiléiriú a dhéanamh roimh an spriocdháta chuig an seoladh ríomhphoist céanna.



**Joyce Country &
Western Lakes
Geo Enterprise**

Applications are invited from suitably experienced persons for this 4-month contract position:

PROJECT OFFICER: Arctic Char in Lough Mask

Working ability in Irish an advantage.

Details from agdsgeoenterprise@gmail.com

Submit CV with proposal quotations by 5pm Friday 7th August 2026.



Fógra ag lorg oifigeach tionscadail

Tionscadal an ruabhric Artaigh i Loch Measca

Ag neartú maoirseacht chomhshaoil

Tá maoiniú bronnta ar DSLI GeoEnterprise, grúpa ionadaíoch pobail na Geopháirce, chun tionscadal a chur i bhfeidhm atá dírithe ar ruabhreac Artach i Loch Measca. Cuirfidh an treoirhionscadal seo béim ar thábhacht an speicis d'éiceachóras níos leithne an locha, forbróidh sé fóram pobail do na páirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint acu leis an loch, agus neartóidh sé tuiscint an phobail ar chaighdeán an uisce agus ar mhaoirseacht comhshaoil laistigh de Gheopháirc Dhomhanda UNESCO Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair. Tá clú agus cáil ar Loch Measca mar gheall ar an ruabhreac Artach, agus é ar cheann den líon beag lochanna móra thiar atá fágtha a bhfuil líon suntasach iasc óg iontu, go príomha mar gheall ar an uisce domhain agus fuar. Breithneoidh fóram na bpáirtithe leasmhara caighdeán an uisce, sláinte éiceolaíoch agus tosaíochtaí rannpháirtíochta áitiúla. Beidh gníomhaíochtaí oideachais agus feasachta ann freisin do scoileanna agus do phobail áitiúla, teagmháil le tionscnamh pobail an ruabhric Artaigh ag Loch Windermere/RA le haghaidh réimsí féideartha comhoibrithe, agus tógáil acmhainne DSLI GeoEnterprise. Tá an treoirhionscadal á mhaoiniú ag an tSeirbhís Bainistíochta Abhantraí (Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil LAWPRO roimhe seo). Tá iarratais ar oscailt go dtí Dé hAoine 7 Lúnasa do dhuine a bhfuil taithí chuí aige nó aici chun an tionscadal a bhainistiú, is féidir sonraí iomlána a fháil ó

agdsgeoenterprise@gmail.com



Plaic comhpháirtí gnó ag BÁCÚS Dhúiche Sheoigheach ar an bhFairche

Leathnú líonra gnó

Neart i líon

Tá Líonra Gnó na Geopháirce ag fás i gcónaí, le roinnt ball nua ag teacht isteach sa líonra agus comhpháirtíochtaí reatha á n-athnuachan le míonna beaga anuas. Tá 27 mballghnó sa líonra anois, a dhéanann ionadaíocht thar ceann raon leathan soláthraithe turasóireachta cosúil le lóistín, bia agus deoch, soláthraithe gníomhaíochta agus taitneamhachtaí do chuairteoirí. Le chéile, cabhraíonn siad le scoth na Geopháirce a thaispeáint agus eispéiris ar leith a thabhairt do chuairteoirí ag an am céanna.

Trí oibriú le chéile, cuireann baill an Líonra Gnó turasóireacht inbhuanaithe chun cinn, tacaíonn siad lena chéile trí chomhoibriú agus atreoruithe, agus déanann siad ceiliúradh ar gheolaíocht, tírdhreacha, oidhreacht, cultúr agus pobail ar leith sa cheantar. Taispeánann gach ball plaic Chomhpháirtí na Geopháirce le bród, ag léiriú a dtiomantas do luachanna Gheopháirc Dhomhanda UNESCO seo agus a cairt. Tá muid ag tnúth le fáilte a chur roimh níos mó gnólachtaí sa líonra agus muid ag leanúint ar aghaidh ag fás ceann scríbe turasóireachta láidir agus inbhuanaithe le chéile.



Féile na gCurrach i gCorr na Móna, agus seastán na Geopháirce ag Féile Bia Chonga

Séasúr fhéilte an tsamhraidh sa Gheopháirc

Atmaisféar iontach agus aimsir bhreá

Mí iontach d'imeachtaí pobail a bhí i mí Iúil, agus d'fhreastail foireann na Geopháirce ar roinnt acu. Bhí seastán againn ag **Féile Bia Chonga**, agus bhain muid sult as dhá lá ghlórmhara ghrianmhara, atmaisféar iontach i gcroílár Chonga agus an-suim go deo ó na cuairteoirí. Deis iontach a bhí ann bualadh le muintir na háite agus le daoine eile, scéal na Geopháirce a roinnt agus a bhfuil ar fáil sa cheantar a thaispeáint. Bhí beocht ar leith le mothú i rith an deireadh seachtaine, le bia áitiúil agus blasta, taispeántais cócaireachta, siúlóidí oidhreachta, ceol beo agus gníomhaíochtaí teaghlaigh – rud éigin do gach duine.

Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus bhí iomaíocht ghéar ag **Féile na gCurrach**, arna óstáil arís i mbliana ar 12 Iúil ag Comharchumann Dhúiche Sheoigheach ar an gcé iontach ag Dóirín a' Locha i gCorr na Móna ar Loch Coirib. Reáchtáiltear an Fhéile in go leor áiteanna agus pobal a shíneann i dtreo Chontae Mhaigh Eo freisin, agus mar is gnách ba lá iontach é in áit álainn.

Bhí lúcháir orainn freastal ar **Lá Oidhreachta Bhaile an Róba** an 25 Iúil, arna eagrú ag Cumann Staire Bhaile an Róba. Ócáid iontach eile a bhí ann chun dul i dteagmháil le daoine ag seastán na Geopháirce faoinár ngeolaíocht, ár dtírdhreacha agus ár n-oidhreacht ar leith. Rinneadh ceiliúradh ar stair shaibhir Bhaile an Róba trí thaispeántais, turais threoraithe, gníomhaíochtaí teaghlaigh agus nochtadh dealbh álainn de ghloine dhaite ar thailte an tséipéil. Imeacht an-taitneamhach a bhí ann don teaghlach ar fad. Is deiseanna iontacha iad na féilte seo agus féilte eile chun dul i dteagmháil le pobail áitiúla, feasacht a ardú ar an nGeopháirc agus oidhreacht shaibhir nádúrtha agus chultúrtha an cheantair a cheiliúradh. Bualadh bos do na heagraithe, na hoibrithe deonacha agus gach duine a stop linn chun comhrá a dhéanamh!



Ireland holidays

West Ireland's magical landscape: where limestone rivers, Hollywood legend and Irish myth converge

The newly designated Joyce Country and Western Lakes Unesco Geopark in Galway and Mayo celebrates a 700-million-year geological history that has produced a unique terrain and rich cultural heritage

Vic O'Sullivan

Alt ón Guardian foilsithe i mí an Mheithimh

Ag scaipeadh an scéil ...

... atá le cloisteáil trasna Mhuir Éireann

Bhí suim leanúnach ag na meáin inár nGeopháirc Dhomhanda UNESCO le déanaí. Bhí an-áthas orainn a bheith mar chuid de leathanach iomlán [Sa Guardian](#) an 8 Meitheamh a chaith spotsolas ceart ar shaibhreas tírdhreacha agus oidhreacht phobail an cheantair. Bhí muid le cloisteáil sna meáin áitiúla freisin, le hagallaimh ar raidió Chonamara chun ár gcomhairliúcháin phobail a chur chun cinn (féach thuas) agus labhair Stiúrthóir Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, Koen Verbruggen, faoin suirbhé **Tellus** a cuireadh i gcrích le déanaí agus faoin tacaíocht leanúnach a thug siad dár nGeopháirc. Ar deireadh, bhí lúcháir orainn físeáin ghearra aonair a uaslódáil do gach ceann dár 20 pobal a cuireadh le chéile roimh an daingniú i mí Aibreáin. Tugann an físeán, a seoladh an 23 Aibreán i gComharchumann Dhúiche Sheoigheach, léargas iontach ar an nGeopháirc agus ar a phobal ag an am seo. Tá siad ar fad ar fáil ar ár gcainéal **YouTube**.



Príomh-Aire Carney i measc an phobail in Achadh Ghobhair

Ó Achadh Ghobhair go Príomh-Aire Cheanada

Fáilte ó chroí ó Mhaigh Eo roimh an bPríomh-Aire Mark Carney

Ní minic a thagann meáin an domhain chuig sráidbhaile beag tuaithe in Éirinn, ach cúis mhaith a bhí i gcuairt Phríomh-Aire Cheanada Mark Carney ar theach a shinsear an 14 Meitheamh. D'fhás seantuismitheoirí **Mark Carney**, Robert Carney agus Nora Moran, aníos i mbailte fearainn na hAille agus an Mhása i bparóiste Achadh Ghobhair, Co. Mhaigh Eo, cúpla ciliméadar ó bhaile Chathair na Mart. D'fhág siad in 1925 le tús a chur le saol nua i gCeanada. Go dtí seo, bhí Mark Carney ina ghobharnóir ar Bhanc (Lárnach) Cheanada 2008-2013, agus ar Bhanc Shasana 2013-2020, sular ceapadh ina Phríomh-Aire é mar cheannaire ar an bPáirtí Liobrálach in 2025. D'ullmhaigh **comhairle pobail Achadh Ghobhair** taispeántas iontach sa halla áitiúil ag insint scéal imirce an teaghlaigh, le tacaíocht ó Chumann Staire Chathair na Mart. Bhí beocht ar leith sa sráidbhaile nuair a tháinig gaolta, muintir na háite, tuairisceoirí, polaiteoirí agus filí (Ger Reidy ó Achadh Ghobhair ina measc) le chéile. Is cinnte nach ndéanfaidh an Phríomh-Aire Mark Carney agus a bhean chéile Diana Fox dearmad ar an lá go deo. Mórtas áite agus ceangal ar leith gan dabht!

UNESCO Tentative Sites

1. Historic Astronomical Observatories of Ireland:
 - Armagh, Bir Castle Demesne, Dunsink Observatory
2. Transatlantic Cable Ensemble
3. Passage Tomb Landscape of County Sligo
4. Royal Sites of Ireland:
 - Emain Macha, Rock of Cashel, Dún Ailinne, Rath Cruachan, Hill of Uisneach, Hill of Tara
5. Binevenagh Biosphere
6. Antrim Geopark



The Change Maker Funding Programme is managed by the Special EU Programmes Body (SEUPB) and delivered by Pobal; the designated Intermediate Body.

Léarscáil de shuíomhanna UNESCO ar Oileán na hÉireann

Ag obair as láimh a chéile

Tábhacht ár gComhpháirtíochtaí

Luaigh muid inár nuachtlitir i mí na Bealtaine trí thionscadal a bhfuil baint ag na Geopháirceanna leo. Cuirfear deireadh le tionscadal GeoSite Erasmus+ san Fhómhar le cruinniú oibre deiridh i mí Lúnasa, ina mbeidh seimineár oscailte le Geopháirceanna Eorpacha eile chun cabhrú le seachadadh an tionscadail a léiriú agus plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an dea-chleachtas a roinnt. Seolfar tionscadal UNESCO PEACEPLUS go hoifigiúil i mBéal Feirste an 2 Meán Fómhair. Faoi stiúir Gheopháirc Dhomhanda UNESCO Mhúrn, Shliabh gCuillinn agus Bhaile Loch Cuan, neartóidh an tionscnamh seo comhoibriú idir Geopháirceanna Domhanda UNESCO, Anaclanna Fear agus Bithsféir, Láithreáin Oidhreacht Dhomhanda agus Cathracha Cruthaitheacha, ag cruthú deiseanna nua do dhaoine óga, pobail agus eagraíochtaí oibriú le chéile thar theorainneacha (tuilleadh eolais anseo). Ar an drochuair, níor éirigh leis an iarratas ar mhaoiniú ó Éire Ildánach faoi stiúir Scoil Ealaíne agus Dearaidh Luimnigh. Tá súil againn go gcabhróidh an obair a cuireadh isteach don iarratas le tionscadal nua a spreagadh bunaithe ar rannpháirtíocht an phobail trí na healaíona.



Seastán Gheopháirc DSLI UNESCO le linn Sheachtain Ghlas Boston Scientific

An Gheopháirc ag Seachtain Ghlas Boston Scientific

Fonn ar an bhfoireann eispéiris nua amuigh faoin aer a fhiosrú

Tá níos mó ná 4,000 fostaithe ag Boston Scientific i nGaillimh, an suíomh is mó in Éirinn ag an gcomhlacht. Bhí an-áthas ar fhoireann na Geopháirce páirt a ghlacadh i **Seachtain Ghlas Boston Scientific na Gaillimhe**, áit a raibh seastán eolais againn mar chuid den tionscnamh **‘Boats, Bikes & Boots’**.

Tháinig an cuireadh nuair a casadh beirt bhall foirne Boston Scientific ar a chéile go fánach ag an “taispeántas próiseála iarainn traidisiúnta” le Irish Bloomery Iron i bpáirc spraoi Chorr na Móna i mí na Bealtaine. Deis luachmhar a bhí in imeacht na Seachtaine Glaise chun scéal ár nGeopháirc Dhomhanda UNESCO a roinnt le fostaithe, agus béim a chur ar gheolaíocht, tírdhreacha, oidhreacht, bithéagsúlacht agus deiseanna áineasa agus deiseanna do chuariteoirí iontacha an cheantair. I rith an lae, bhain muid sult as a bheith ag bualadh leis an bhfoireann, ag freagairt ceisteanna agus ag spreagadh daoine chun gach rud atá ar fáil sa Gheopháirc a fhiosrú. Ba mhór an pléisiúr é tacú le tionscnamh Sheachtain Ghlas Boston Scientific, ag cur tábhacht na hinbhuanaitheachta chun cinn, ag nascadh leis an dúlra agus ag baint sult as a bheith taobh amuigh. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Boston Scientific as an gcuireadh agus tá muid ag tnúth le bheith ag obair lena chéile arís amach anseo.



Mic léinn Ollscoil Colorado Denver ag An Éill le Joe Greaney

Cuairt mhic léinn Colorado

Stair na hÉireann agus Mheiriceá ag teacht le chéile

Thug an tOllamh Jim Walsh ó **Ollscoil Colorado Denver** grúpa dá chuid mac léinn Stair agus Eolaíocht Pholaitiúil go hiarthar na hÉireann le déanaí. Bhí sé de phléisiúr againn iad a bheith linn sa Gheopháirc ar feadh an lae, ag plé imeachtaí an-tábhachtacha a thit amach inár nGeopháirc san 19ú haois agus ag tús na 20ú haoise, is iad sin an Gorta Mór, stocaireacht Chonradh na Talún agus an chéad Bhaghat agus Cogadh na Saoirse. Thug Joe Greaney léargas domhain ar oidhreacht na hÉille agus ar an gceangal le Charles Boycott tar éis cur i láthair a rinne sé roimhe seo in Colorado níos luaithe i mbliana. Tharla an chuairt seo i gcomhpháirtíocht le ATU agus a bhuí le heagraíocht Michael Larkin as Coill an Bhaile. Tá súil againn go neartófar an caidreamh le himeacht ama tar éis na cuairte tosaigh seo.



Máire Mhic Róibín le Benjamin Thébaudeau agus le Sinéad Seoighe, na Geopháirce

Comhdháil Aeráide agus Dúlra Mháire Mhic Róibín

Spotsolas ar athléimneacht táirgthe bia agus bithéagsúlacht

Bhí an-áthas ar fhoireann na Geopháirce freastal ar **Chomhdháil Aeráide agus Dúlra Mháire Mhic Róibín 2026** i mBéal an Átha, áit a raibh seastán taispeántais againn agus bhí deis againn teagmháil a dhéanamh le pobail, eagraíochtaí agus gnólachtaí ó ar fud na hÉireann atá ag obair i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe.

Spreag comhdháil na bliana seo, agus an téama '**Food and Care: A Meitheal for Our Time**', plé spreagtha maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide, bithéagsúlacht agus todhchaí an bhia in Éirinn. Díríodh go príomha ar an tábhacht a bhaineann le níos mó dár mbia féin a fhás, tacú le táirgeoirí áitiúla agus níos mó daoine a spreagadh chun bia a tháirgeadh. Rinne na cainteoirí iniúchadh ar na dúshláin atá roimh an tír seo, lena n-áirítear ár spleáchas ar bhia iompórtáilte, laghdú ar líon na dtáirgeoirí agus an gá atá le táirgeadh bia áitiúil a dhéanamh níos inmharthana do na glúnta atá le teacht. Leagadh béim láidir freisin ar ról na bpobal ag obair lena chéile chun córas bia níos athléimní agus níos inbhuanaithe a thógáil.

Chuir ár seastán taispeántais deis luachmhar ar fáil chun an Gheopháirc a chur chun cinn, ár ngeolaíocht, tírdhreacha, bithéagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha ar leith a thaispeáint, agus teagmháil a dhéanamh le toscairí ó raon leathan earnálacha. Thug an t-imeacht deis dúinn freisin smaointe a roinnt, naisc nua a dhéanamh agus an chaoi a dtacaíonn an Gheopháirc le

turasóireacht inbhuanaithe agus forbairt pobail a roinnt. Chuaigh muid abhaile le smaointe úra, teagmhálacha luachmhara agus neart inspioráide a chuideoidh lenár gcuid oibre a threorú agus muid ag leanúint ar aghaidh ag forbairt na turasóireachta ar bhealach a théann chun sochair do dhaoine agus don áit araon.



Ag tUachtarán Catherine Connolly ag an Ionad Pobail

Cuairt an Uachtaráin Catherine Connolly ar an Mám

Taispeántas ceardaíochta agus grianghrafadóireachta áitiúla

Bhí gach aon duine ar bís roimh chuairt an **Uachtaráin Catherine Connolly** ar an Mám an 4 Iúil. Cé go bhfuil an-aithne ag an Uachtarán ar an Mám agus ar phobail eile Chonamara ó na deich mbliana a chaith sí mar TD de chuid na Gaillimhe Thiar, ba í seo an chéad chuairt a thug sí ar an gceantar beag álainn seo ó ceapadh ina hUachtarán í i mí na Samhna 2025. Reáchtáladh an ócáid ag Halla Pobail an Mháma chun taispeántas ceardaíochta agus grianghraf áitiúil a chomóradh thar thréimhse fada ama sa cheantar seo, ceantar a bhfuil cultúr láidir aige agus atá an-saibhir ó thaobh na geolaíochta de i nGleann an Mháma ag ceann Loch Coirib. Ba é Grúpa na mBan ar an Mám, grúpa an-chumasach agus an-ghníomhach, a d’eagraigh an ócáid seo agus mheall sé líon mór ban, fear agus daoine óga ó áiteanna ar fud an cheantair. Bhí an tUachtarán Connolly an-tógtha le caighdeán na dtáirgí a bhí ar taispeáint, ceol ón gceantar agus an tuiscint láidir pobail agus oidhreachta a bhí le mothú le linn an taispeántais. Cuireadh deireadh leis an ócáid le tae agus píosaí bÁCáilte áitiúla den scoth.



Lucht tacaíochta Mhaigh Eo ag The Mall, Caisleán an Bharraigh, le linn an chluiche

Tá Maigh Eo glas agus dearg agus Corn Shomhairle Mhig Uidhir acu

Fuair siad an ceann is fearr ar laochra Chiarraí

Agus ar ndóigh, tá súil againn nach miste leis na léitheoirí má dhéanann muid ceiliúradh ar Chontae Mhaigh Eo! Ba mhaith linn comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le gach duine a bhfuil ceangal ar bith acu le Maigh Eo ar an mbua stairiúil ar Chiarraí i gCluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann 2026 Dé Domhnaigh 26 Iúil. 1-20 in aghaidh 1-17 a bhí sa scór deiridh, agus é buaite go paiteanta acu. Tá **Corn Shomhairle Mhig Uidhir** tagtha abhaile go Maigh Eo arís. A leithéid de bhua tar éis an oiread sin cluichí ceannais agus leathcheannais a bheith caillte acu. Tá muid ag súil leis an bhfothoradh don Gheopháirc ar fad!!



TIONSCADAL GEOPHÁIRC
**Dhúiche Sheoigheach
& Lochanna an Iarthair**
JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT



Geopháirc Dhomhanda UNESCO Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair

Halla Thuar Mhic Éadaigh, F12D990, Tuar Mhic Éadaigh
F: (+353) 094 9000245
R: info@jcwlgopark.ie

Seoladh an ríomhphost seo chuig {{contact.EMAIL}}
Tá sé faighte agaibh toisc gur liostáil sibh lenár liosta postála.

Amharc sa bhrabhsálaí | Díliostáil

Sent with

Brevo